**13_01.mp3**

## Bileog 13.1

Siobhán: Tá Gaeilge agus Béarla agam ach sin é! Rinne mé staidéar ar an bhFraincis ar an scoil ach tá sí dearmadta agam.

Peadar: Is ionann mise agus Siobhán ansin, tá Gaeilge agus Béarla líofa agam ach sin an méid. Ní théim ag taisteal mórán agus níl teanga ar bith eile ag teastáil uaim mar sin.

Seán: Is é Pól fear na dteangacha sa tigh s'againne, ach tá Gaeilge agus Béarla agamsa. Tá rud beag Fraincise agam agus is féidir liom an Ghearmáinis a thuiscint maith go leor nuair a bhím ag tabhairt cuairte ar an tír sin. Ach tá an Ghearmáinis deacair!

Pól: Tógadh go dátheangach muid, leis an nGaeilge agus leis an mBéarla.Bhí Gearmáinis mhaith agam tráth ach níl mé chomh líofa is a bhí. Tá an Fhraincis ar mo thoil agam.

Ciara: Taobh amuigh den Ghaolainn agus den Bhéarla níl aon teanga eile agam. Bhí an ghráin agam ar na teangacha ar fad nuair a bhí mé ag freastal ar an mheánscoil.

Clár: Tá Gaolainn agus Béarla agam ó dhúchas. Tá Spáinnis labhartha mhaith agam ach ní féidir liom í a scríobh go rómhaith. Tá mé ag foghlaim Iodáilise i láthair na huaire.

**13_04.mp3**

## Bileog 13.4

Bhuel, mar is eol daoibh tógadh go dátheangach mé – leis an nGaeilge agus leis an mBéarla. Cé go bhfuil gramadach na Gaeilge deacair is é mo thuairim ná go bhfuil gramadach an Bhéarla i bhfad níos deacra. Is teanga níos deise í an Ghaeilge sílim. Chaith mé dhá bhliain i mo chónaí sa Ghearmáin agus d'fhoghlaim mé cuid mhaith Gearmáinise ansin, ach tá sí caillte agam anois. Nuair a thugaim cuairt ar an nGearmáin tuigim gach rud ach bíonn sé deacair dom labhairt - as cleachtadh is dócha. Is dócha go bhfuil an Ghearmáinis níos éasca ná an Fhraincis ach tá Fraincis líofa agam anois. Bheifeá ag súil leis sin is dócha, agus mé pósta le Francach.

© Ollscoil Mhá Nuad